AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 21.10.2025
COM(2025) 652 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

*a ghabhann leis an Togra le haghaidh*

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1115 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe oibreoirí agus trádálaithe**

## Iarscríbhinn I

In Iarscríbhinn II, scriostar pointe 4.

## Iarscríbhinn II

*'IARSCRÍBHINN III*

**Dearbhú simplithe micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga**

An fhaisnéis atá le bheith i ndearbhú simplithe micrea-oibreoirí príomhúla agus oibreoirí príomhúla beaga i gcomhréir le hAirteagal 4a(3):

1. Ainm agus seoladh an oibreora agus, i gcás tráchtearraí ábhartha agus táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, an uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI) i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.
2. Cód Córais Chomhchuibhithe na dtáirgí ábhartha agus tuairisc saorthéacs orthu, lena n-áirítear ainm trádála, agus cainníocht bhliantúil na dtáirgí ábhartha atá beartaithe a chur ar an margadh nó a onnmhairiú, arna sloinneadh i nglanmhais lena sonraítear meastachán nó diall céatadáin nó, i gcás inarb infheidhme, méid nó líon na n-ítimí. Maidir le táirgí ábhartha a thugtar isteach sa mhargadh nó a chuirtear amach as, ní mór an chainníocht a shloinneadh i gcileagraim de ghlanmhais agus, i gcás inarb infheidhme, san aonad forlíontach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 in aghaidh an chóid Córais Chomhchuibhithe atá léirithe freisin nó, i ngach cás eile, ní mór í a shloinneadh i nglanmhais lena sonrófar meastachán nó diall céatadáin nó, i gcás inarb infheidhme, méid nó líon na n-ítimí. Beidh feidhm ag aonad forlíontach i gcás ina saineofar go comhsheasmhach é le haghaidh gach fo-cheannteidil a d'fhéadfadh a bheith ann faoin gcód Córais Chomhchuibhithe dá dtagraítear sa ráiteas maidir le dícheall cuí.
3. Tír tháirgthe agus seoladh poist nó geoshuíomh gach dáileachta talún ar a dtáirgeann an micrea-oibreoir príomhúil agus an t-oibreoir príomhúil beag tráchtearraí ábhartha. I gcás táirgí ábhartha ina bhfuil eallach nó a dhéantar agus úsáid á baint as eallach, agus i gcás na dtáirgí ábhartha sin arna gcothú le táirgí ábhartha, tagróidh an seoladh poist nó an geoshuíomh do gach bunaíocht ina gcoimeádtar an t-eallach. I gcás ina dtáirgtear na táirgí ábhartha ar dháileachtaí talún éagsúla, áireofar seoladh poist nó geoshuíomh gach dáileachta talún i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe (d).
4. An téacs: 'Leis an dearbhú seo, deimhníonn an micrea-oibreoir príomhúil agus an t-oibreoir príomhúil beag go bhfeidhmeoidh siad dícheall cuí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1115 i leith gach táirge a chuireann siad ar an margadh nó a onnmhairíonn siad, agus nach gcuirfidh siad ar an margadh ná nach n-onnmhaireoidh siad iad ach amháin i gcás nach bhfaighfear aon riosca nó nach bhfaighfear ach riosca diomaibhseach nach gcomhlíonann na táirgí ábhartha Airteagal 3, pointe (a) nó (b), den Rialachán sin.